

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015

## CLÁR


RÁITEAS FÍSE .......... 2

COISTÍ & FOIREANN .......... 4

FOCAL ÓN gCATHAOIRLEACH .......... 6

BUAICPHOINTÍ GHAILLIMH LE GAEILGE, 2015 .......... 5

1. STÁDAS DÁTHEANGACH .......... 9

2. GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH, 2015 .......... 11

3. AN GHAEILGE SA GHNÓ .......... 16

4. AN GHAEILGE AR BHIACHLÁIR .......... 20

5. SUÍOMH GRÉASÁIN & NA MEÁIN SHÓISIALTA .......... 21

6. SCÉIM CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE .......... 23

7. ÓCÁIDÍ CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE .......... 24

8. CRUINNITHE/CUR I LÁTHAIR/SEIMINEÁIR/TRAENÁIL .......... 29

9. FOILSEACHÁIN .......... 32

10. NA MEÁIN CHUMARSÁIDE .......... 33

DLÚTHCHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE, 2015 .......... 36

## Ráiteas físe

Tá ár bhfís do Ghaillimh le Gaeilge fite fuaite lenár bhfís don Ghaeilge i gCathair na Gaillimhe. Feicimid go mbraitheann siad araon ar a chéile – nach féidir teacht ar cheann acu, gan an ceann eile agus nach féidir ceann a bhaint amach gan an ceann eile a bhaint amach.

## Ár bhfís

Tá léirmhíniú comhaontaithe maidir leis an dátheangachas ag Gaillimh le Gaeilge agus ag geallsealbhóirí lárnacha i nGaillimh. Oibríonn Gaillimh le Gaeilge leis na geallsealbhóirí sin, chun forbairt leanúnach Chathair na Gaillimhe ina cathair dhátheangach a leagan amach. Cuireann stádas oifigiúil dhátheangach na Gaillimhe le mórtas cine agus le féiniúlacht mhuintir na Gaillimhe. Cuireann sé le híomhá na Gaillimhe agus le féinmheas mhuintir na Gaillimhe. Tá sochair shóisialta agus sochair ábhartha ag baint le stádas dátheangach na Gaillimhe.



# Páirtíocht

Tá na struchtúir chuí ag na grúpaí seo, agus ag grúpaí eile mar iad, chun rannpháirtíocht fhorleathan a chinntiú i measc phobail éagsúla na Cathrach.  Ní mór do Ghaillimh le Gaeilge ionadaíocht a choinneáil orthu sna blianta amach romhainn.  Caithfidh Gaillimh le Gaeilge a bheith ar an eolas faoi aon ghrúpaí eile a bheidh ag teacht chun cinn i gCathair na Gaillimhe. Caithfidh Gaillimh le Gaeilge teagmháil a chothú le scátheagraíochtaí, le grúpaí gnó agus le pobail éagsúla fheiliúnacha chun cuidiú le forfheidhmiú an dátheangachais sa chathair.

**Ar na heagraíochtaí a bhfuil Gaillimh le Gaeilge páirteach iontu, áirítear:**

- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
- Bailte Slachtmhara na Gaillimhe
- Comhairle Cathrach na Gaillimhe
- Cumann Tráchtála na Gaillimhe
- Cumann Gnó Chathair na Gaillimhe
- Fáilte Ireland - Réigiún an Iarthair
- Fáilte West
- Foras na Gaeilge
- Galway Vision 2040 – Fís gan Teorainn
- Latin Quarter – Fáilte Isteach
- Galway's West End – Tar Siar
- Cónaidhm Óstán na hÉireann
- Cumann Fíoncheannaithe na hÉireann

**Tá ionadaíocht ag Gaillimh le Gaeilge ar:**

- Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe
- Grúpa Turasóireachta Chathair agus Chontae na Gaillimhe
- Network Galway (Grúpa do Mhná Gairmiúla agus Gnó)
- Network Chonamara

## Maoiniú

Tá Gaillimh le Gaeilge á maoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta tríd an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus tríd an Scéim Chairde i gcomhar le Cumann Tráchtála na Gaillimhe. Tá sí cláraithe ina cuideachta theoranta, le stádas carthanachta, agus dá bhrí sin ina cuideachta nach do bhrabús í.

## Na Coistí agus an Fhoireann

Tá triúr fostaithe go lánaimseartha ag Gaillimh le Gaeilge agus is é an Bord, le haon stiúrthóir déag, a leagann an polasaí amach. Déanann Bord Stiúrtha Gaillimh le Gaeilge a stiúradh, le hionadaithe ó na Rannóga Poiblí agus Príobháideacha, agus eagrais phobail agus comhlachtaí príobháideacha.

## An Bord Stiúrtha

| | |
|---|---|
| **Dr Iognáid Ó Muircheartaigh** | Uachtarán/President Emeritus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh [Cathaoirleach] |
| **Aindriú D'Arcy** | Iar-Cheann Forbartha, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe -Maigh Eo |
| **Seán Stewart** | Stewart |
| **Bernadette Mullarkey** | Stiúrthóir, Bane Mullarkey |
| **Joe Greaney** | Stiúrthóir, WESTBIC |
| **Barry O'Sullivan** | Príomhfheidhmeannach, Altocloud |
| **Isbéal Nic Aoidh** | Múinteoir, Coláiste Paitríoch Naomh Seosamh |
| **Máire Mhic Aodha** | Leas-Bhainisteoir, Banc na hÉireann |
| **Pádraic Ó Ráighne** | Feidhmeannach Margaíochta TG4 |
| **Caitlín Nic an Ultaigh** | Bainisteoir Fiontraíochta, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| **Pádraig Ó Beaglaoich** | Iar-Phríomhoifigeach sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta |



## An Coiste Logainmneacha

| | |
|---|---|
| **Helen Coleman (Cathaoirleach)** | Pleanálaí Sinsearach, Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| **Pat Sweeney** | An Post |
| **An Comhairleoir Dónal Lyons** | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| **An Dr Nollaig Ó Muraíle** | Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| **Jimí Ó Finneadha** | An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| **An Dr Jim Higgins** | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| **Matt Cunningham** | BSL |
| **Mary Flynn** | Ionadaí Pobail |
| **Bríd Ní Chonghóile** | Gaillimh le Gaeilge |

## An Fhoireann

| | |
|---|---|
| **Ardfheidhmeannach** | Bríd Ní Chonghóile |
| **Bainisteoir Tograí** | Gearóidín Hynes |
| **Riarthóir Oifige** | Mícheál Ó Ceallaigh |



# Focal ón gCathaoirleach

## Iognáid G. Ó Muircheartaigh, MA PhD DSc LLD

**Uachtarán/President Emeritus, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh**



Bhí bliain ghnóthach agus tháirgiúil againn in 2015; d'úsáid 23 gnólacht ár seirbhís 'An Ghaeilge sa Ghnó', seo méadú 10% ar 2014, agus bhí an t-éileamh ar ár seirbhísí aistriúcháin ina iomláine suas 6.8% ar 2014. Ina theannta sin, cuireadh obair fhiúntach i gcrích agus borradh faoin bhfeachtas leanúnach de chuid Ghaillimh le Gaeilge, is é sin Stádas Oifigiúil Dhátheangach a bhaint amach do Chathair na Gaillimhe.

Is cúis bhróid dúinn gur glacadh le rún i gcruinniú de chomhaltaí tofa de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le stádas oifigiúil dhátheangach a fhógairt do chathair na Gaillimhe agus go mbunófar Coiste Stiúrtha le forbairt agus feidhmiú an stádais a phlé. Creidimid go láidreoidh an stádas speisialta seo an Ghaeilge sa chathair agus sna ceantair máguaird agus sa mhullach air sin, go tabharfaidh sé 'buntáiste uathúil agus speisialta' do Ghaillimh ina hiarratas ar an stádas mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020. I rith na bliana, lean muid ar aghaidh ag obair leis an gComhairle Cathrach chun a chinntiú go raibh ceann de na gnéithe is uathúla díolacháin dá bhfuil ag Gaillimh lárnach san iarratas. Sonraíodh an Ghaeilge mar ghné thábhachtach agus léiríodh í mar bhuntáiste iomaíoch in iarratas na Gaillimhe chun an stádas clúiteach seo a bhaint amach don chathair.

I mí Aibreáin na bliana seo, bhronn Aire Stáit na Gaeltachta, Joe McHugh TD, Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh ar Ollmhargadh na Seoighe, Cnoc na Cathrach ag searmanas speisialta in Óstán Chuan na Gaillimhe, Bóthar na Trá.

Is léir nach bhféadfaí obair mhór den chineál atá luaite sa tuairisc seo a chur chun cinn gan comhoibriú ó réimse leathan daoine agus eagraíochtaí. Bíonn cabhair agus tacaíocht ar fáil i gcónaí ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Cumann Tráchtála na Gaillimhe tríd an scéim Cairde Ghaillimh le Gaeilge. Tá buíochas ar leith le gabháil do na baill ar Bhord Stiúrtha Ghaillimh le Gaeilge mar aon leis na baill ar Choiste Logainmneacha na Gaillimhe a thugann a gcuid ama go fial flaithiúil ar bhonn deonach don eagraíocht.

**Go mba fada buan sibh,**

**An Dr Iognáid Ó Muircheartaigh**
**Cathaoirleach**

# BUAICPHOINTÍ GHAILLIMH LE GAEILGE, 2015



# Buaicphointí Ghaillimh le Gaeilge 2015

**Stádas dátheangach a bhaint amach do chathair na Gaillimhe. Normalú na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe a chur chun cinn trí mhodhanna scríofa, cluastuisceana, leictreonacha agus labhartha.**

Tá sé mar aidhm ag Gaillimh le Gaeilge go dtarlóidh sé go mbeidh an Ghaeilge le cloisteáil, le feiceáil agus á húsáid i gCathair na Gaillimhe mar ghnáthchuid de shaol na Cathrach. Tá sé i gceist againn atmaisféar den normalú teanga a bhunú don Ghaeilge de réir a chéile agus go nglacfar leis an nGaeilge agus go mbeidh súil leis an nGaeilge i saol bríomhar na Cathrach.

Síneann normalú isteach i ngach cuid den Chathair agus bíonn tionchar aige ar gach gné de shaol na Cathrach – ó bheith ag ceannach builín go teach a cheannach. Is éard a bheidh i gceist leis ná an Ghaeilge a úsáid trí shreanga uile an tsaoil, ó leibhéal an ghnó go leibhéal an phobail agus ón leibhéal poiblí go dtí an leibhéal príobháideach.

Ní hé go bhfuil sé i gceist go mbeadh an Ghaeilge éigeantach, ach go nglacfaí leis an nGaeilge mar ghnáthchuid de shaol na Gaillimhe nuair a fheicfear í, nuair a chloisfear í agus nuair a labhrófar í. Is laistigh de thimpeallacht normálaithe teanga a shamhlaíonn Gaillimh le Gaeilge cothú agus fás sláintiúil na Gaeilge.

**Tá tograí áirithe idir lámha ag Gaillimh le Gaeilge chun an sprioc thuas a bhaint amach; ina measc tá:**

1. STÁDAS DÁTHEANGACH DO GHAILLIMH
2. GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH, 2015
3. AN GHAEILGE SA GHNÓ
4. AN GHAEILGE AR BHIACHLÁIR
5. SUÍOMH GRÉASÁIN & NA MEÁIN SHÓISIALTA
6. SCÉIM CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE
7. ÓCÁIDÍ CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE
8. CRUINNITHE/CUR I LÁTHAIR/SEIMINEÁIR/TRAENÁIL
9. FOILSEACHÁIN
10. NA MEÁIN CHUMARSÁIDE



# 1 STÁDAS DÁTHEANGACH

Bliain chinniúnach a bhí in 2015 ó thaobh fheachtas seanbhunaithe Ghaillimh le Gaeilge de, is é sin stádas oifigiúil dhátheangach a chinntiú do Chathair na Gaillimhe. Is cúis bhróid dúinn gur glacadh le rún i gcruinniú de chomhaltaí tofa de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (Meán Fómhair 2015) le stádas oifigiúil dhátheangach a fhógairt do chathair na Gaillimhe agus go mbunófar Coiste Stiúrtha le forbairt agus feidhmiú an stádais a phlé.




Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

An Comhairleoir Frank Fahy, Méara Chathair na Gaillimhe, ag labhairt ag Fulacht Fia Chairde Ghaillimh le Gaeilge agus é ag tabhairt a thacaíocht don Stádas Dátheangach a bhronnadh ar Chathair na Gaillimhe.

Plean Forbartha na Cathrach: Seoladh aighneacht chuig an gComhairle Cathrach ionas go ndearbhóidh siad, sa chéad Phlean Forbartha eile don Chathair, gur cathair dhátheangach í Cathair na Gaillimhe, agus gurb aidhm de chuid na Comhairle í tacú leis an stádas sin a threisiú, chomh fada agus is féidir léi, trí chuspóirí agus polasaithe pleanála.

## Déanann an tAire Humphreys comhghairdeas leis na cathracha atá ar an ngearrliosta do Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020.

GAILLIMH 2020 GALWAY
EUROPEAN CAPITAL OF CULTURE - CANDIDATE
PRÍOMHCHATHAIR CHULTÚIR NA hEORPA - IARRTHÓIR

I rith na bliana, lean Gaillimh le Gaeilge ar aghaidh ag comhoibriú leis an gComhairle Cathrach chun a chinntiú go raibh ceann de na gnéithe is uathúla díolacháin dá bhfuil ag Gaillimh mar chuid den iarratas chun stádas mar Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 a bhaint amach don chathair. Eagraíodh seisiún oibre i dTaibhdhearc na Gaillimhe, chun smaointe agus tuairimí a bhailiú ó earnáil na nEalaíon agus Siamsaíochta Gaeilge ar an mbealach is fearr chun tabhairt faoi 'Guth na Gaeilge' a bheith lárnach san iarratas, Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2020.

# Buaicphointí Ghaillimh le Gaeilge 2015

**Stádas dátheangach a bhaint amach do chathair na Gaillimhe. Normalú na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe a chur chun cinn trí mhodhanna scríofa, cluastuisceana, leictreonacha agus labhartha.**

Rinne Iognáid Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge cathaoirleacht ar na seisiúin oibre.  Ba chúis áthais agus bróid dúinn i  nGaillimh le Gaeilge gur éirigh le Gaillimh áit a bhaint amach ar an nGearrliosta don teideal mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020. Rinneadh an fógra ar an 12 Samhain 2015.

## Ag cur chun cinn na haisclibe #TacaímleGaillimh

Ina theannta sin, bhí Gaillimh le Gaeilge gníomhach ar na meáin shóisialta ag cur chun cinn na haisclibe #TacaímleGaillimh chun tacaíocht a léiriú don fheachtas agus feasacht air a ardú i measc Chairde Gaillimh le Gaeilge. Foilsíodh fógra saor in aisce don fheachtas 'Gaillimh 2020' i nDialann Ghaillimh le Gaeilge 2016.








# 2 GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH 2015

Is í aidhm an Ghradaim ná aitheantas a thabhairt do chomhlachtaí agus d'eagraíochtaí i gCathair na Gaillimhe a thaispeánann an Ghaeilge in úsáid ar bhealach dáiríre, cruthaitheach agus feiceálach ina ngnó/ina n-eagraíocht agus a léiríonn an tionchar atá aige seo ar an bhfoireann agus ar íomhá dhátheangach na cathrach. Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh i gcomhar leis an Galway Advertiser agus le tacaíocht ó The Irish Times agus ó Chumann Tráchtála na Gaillimhe. Ainmníodh an Gradam in onóir an Uasail Sheosaimh Uí Ógartaigh (nach maireann), ball bunaithe agus rúnaí cuideachta Ghaillimh le Gaeilge.

## Tráthnóna Eolais faoi Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh

D'eagraigh Gaillimh le Gaeilge, i bpáirt le buaiteoir Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh na bliana anuraidh, Tesco Gaillimh, tráthnóna eolais faoin nGradam seo ar an 27 Eanáir 2015 in Óstán an Menlo Park, Bóthar Áth Cinn, Gaillimh.




**Anne Melia, Fáilte Ireland (Urra an Ghradaim), Iognáid Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, Proinséas Ó hÓgartaigh, Cairde Ghaillimh le Gaeilge, Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Dónal Lyons, Comhairle Cathrach na Gaillimhe (a sheol Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2015) agus Maeve Joyce-Crehan, Cumann Tráchtála na Gaillimhe (Urra an Ghradaim) ag freastal ar an Tráthnóna Eolais in Óstán an Menlo Park, Bóthar Áth Cinn, Gaillimh.**




**Roinnt d'urraí an Ghradaim. Ar chúl: Iognáid Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, Avril Smith, Ionad na Faiche Móire, Leas-Mhéara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir John Walsh (a d'fhógair an Gearrliosta), Maeve Joyce-Crehan, Bainisteoir Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Ronan Walsh, Snap Galway, Anne Melia, Fáilte Ireland, Declan Varley, Galway Advertiser, agus Neil Molloy, Galway Bay FM. Chun tosaigh: Eimear Ní Ógartaigh, Veronica Ní Ghríofa, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Siubhán Nic Grianna, Údarás na Gaeltachta, agus Penny Masterson, Galway Advertiser.**

## Buaicphointí Ghaillimh le Gaeilge 2015

**Stádas dátheangach a bhaint amach do chathair na Gaillimhe. Normalú na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe a chur chun cinn trí mhodhanna scríofa, cluastuisceana, leictreonacha agus labhartha.**

## Fógairt Ghearrliosta Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh




Ar chúl: Carol De Paor, Peter Murphy Electrical and Lighting, Patrick McCabe, Súil Nua Architecture Ltd, Mark Faherty, Faherty Paints, Meritta Gorman Geoghegan, Áil Rúin, Aisling Joyce, Ollmhargadh na Seoighe, Proinsias Ó Citt, CLG, Bhóthar na Trá-Cnoc na Cathrach, Grace Light, Cope na Gaillimhe, Lee Doherty, Cógaslann & Áilleacht CARA, Pádraig Murphy, iSupply, Aideen Connell, Seodóirí an Chladaigh, Andrea Tighe, Tí Tighe Fascinators 7 Fáiscín agus Cillín De Búrca, Brasserie on the Corner. Chun Tosaigh: Iognáid Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, Bríd Ní Chonghóile, Ardfheidhmeannach Ghaillimh le Gaeilge, Emer Ní Ógartaigh, Cairde Ghaillimh le Gaeilge, Leas-Mhéara Chathair na Gaillimhe, Cllr. John Walsh, agus Declan Varley, Galway Advertiser (príomhurra an Ghradaim)

**Ghlac 20 gnó páirt sa Ghradam, agus orthu sin bhí 9 gcomhlacht nua istigh ar an nGradam den chéad uair. Seo thíos na comhlachtaí a ghlac páirt i nGradam na bliana seo.**

### MIONDÍOL:

Áil Rúin, Cógaslann & Áilleacht CARA, Mála, Ollmhargadh na Seoighe, Peter Murphy Lighting & Electrical, Siopa Péinteanna Uí Fhatharta agus Stoves & Fireplaces

### FÁILTEACHAS & TURASÓIREACHT:

Brasserie on the Corner, Seodóirí an Chladaigh, The Dáil Bar agus The Front Door

### SEIRBHÍSÍ:

Cope na Gaillimhe, C-SideSound, Ióga na Rinne Móire, Súil Nua Architecture Ltd
agus Tí Tighe Fascinators 7 Fáiscín

### COMHLACHTAÍ EILE:

CLG Bhóthar na Trá/Chnoc na Cathrach, Consult Conor, iSupply agus MÓRpr.



## Bronnadh an Ghradaim

Bhronn Aire Stáit na Gaeltachta, Joe McHugh TD, Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2015 ar Ollmhargadh na Seoighe, Cnoc na Cathrach ag searmanas speisialta in Óstán Chuan na Gaillimhe, Bóthar na Trá ar an Déardaoin 16 Aibreán 2015. Fógraíodh Ollmhargadh na Seoighe mar bhuaiteoirí ar an gcatagóir 'Miondíol' urraithe ag Galway Bay FM agus chuaigh siad ar aghaidh ansin chun an Gradam iomlán a bhaint amach ar an oíche.

Fógraíodh Seodóireacht Cheilteach an Chladaigh mar bhuaiteoirí ar an gcatagóir 'Fáilteachas agus Turasóireacht' urraithe ag Fáilte Ireland. Tí Tighe Fascinators & Fáiscín mar bhuaiteoirí ar an gcatagóir 'Seirbhísí' urraithe ag Snap Galway agus CLG Bhóthar na Trá/Chnoc na Cathrach mar bhuaiteoirí ar an gcatagóir 'Comhlachtaí Eile' urraithe ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.  Bronnadh pacáiste gnó gur fiú €2,000 ar bhuaiteoirí na gcatagóirí mar aon le macasamhail de Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh urraithe ag Údarás na Gaeltachta.



**An tAire Stáit, Joe McHugh TD  sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta  ag bronnadh macasamhail de Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh ar Aisling Joyce agus Pat Joyce, Ollmhargadh na Seoighe tar éis dóibh an catagóir 'Miondíol' a bhuachan ag ócáid bhronnta an Ghradaim in Óstán Chuan na Gaillimhe, Bóthar na Trá.**

# Buaicphointí Ghaillimh le Gaeilge 2015

**Stádas dátheangach a bhaint amach do chathair na Gaillimhe. Normalú na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe a chur chun cinn trí mhodhanna scríofa, cluastuisceana, leictreonacha agus labhartha.**

## Bronnadh Speisialta na Moltóirí

Rinne na moltóirí an cinneadh aitheantas speisialta a thabhairt do chomhlacht a chuir isteach den chéad uair ar an nGradam agus a bhain ardchaighdeán amach. Ainmníodh Cope na Gaillimhe, Sráid San Aibhistín do 'Bhronnadh Speisialta na Moltóirí' urraithe ag an bpotaire cáiliúil Judy Greene Pottery.




An tAire Stáit, Joe McHugh TD sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, ag bronnadh 'Bronnadh Speisialta na Moltóirí' urraithe ag Judy Greene Pottery ar Grace Light, COPE, San Aibhstín, Gaillimh ag Bronnadh Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh in Óstán Chuan na Gaillimhe, Bóthar na Trá.

## Treibheanna Nua na Gaillimhe




Buaiteoirí na gCatagóirí: Andrea Tighe, Tí Tighe Fascinators 7 Fáiscín, Conor O' Dowd, Leas-Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Aideen Connell, Seodóireacht Cheilteach an Chladaigh, Proinsias Ó Ceit, CLG Bhóthar na Trá/ Chnoc na Cathrach, Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Dónal Lyons, An tAire Stáit, Joe McHugh TD, sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Aisling Joyce, Ollmhargadh na Seoighe (buaiteoir iomlán an Ghradaim) agus Iognáid Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge i láthair ag Bronnadh Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2015 in Óstán Chuan na Gaillimhe.



## Físeán den Ghearrliosta:

Rinneadh físeán den Ghearrliosta agus scaipeadh an físeán ar an nGearrliosta go léir agus d'uaslódáil siad é ar a gcuid meáin shóisialta. Scaipeadh an físeán ar ár gcainéal YouTube chun léargas a thabhairt ar obair ghnólachtaí na Gaillimhe agus ar Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh. Cuireadh pacáiste poiblíochta le chéile agus seoladh é chuig urraí uile Ghradam 2015.

## Moltóirí an Ghradaim

Ar phainéal moltóireachta na bliana 2015 bhí: An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Déan Scoil Ghnó – Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Siubhán Nic Grianna, Údarás na Gaeltachta, Bernadette Mullarkey, Stiúrthóir Ghaillimh le Gaeilge, agus Breandán Ó hEaghra, MeasMedia. Míle buíochas dóibh go léir.

## Urraí an Ghradaim:



# 3 AN GHAEILGE SA GHNÓ

## Mainistir na Coille Móire fógrtha mar 'MAYFAIR CHONTAE NA GAILLIMHE' agus clár imeartha oifigiúil MONOPOLY do Chontae agus do Chathair na Gaillimhe seolta.

Rinneadh an clár imeartha - atá i mBéarla agus a bhfuil an Ghaeilge le feiceáil go suntasach freisin air a sheoladh ag ócáid spleodrach i Mainistir na Coille Móire i rith na bliana. Cuireadh in iúl don saol mór ag an seoladh go bhfuil Mainistir na Coille Móire roghnaithe mar 'Mayfair Chontae na Gaillimhe'.



An tSiúr Máire, Mainistir na Coille Móire agus Bríd Ní Chonghóile, Gaillimh le Gaeilge, ag seoladh MONOPOLY dátheangach do Chathair agus do Chontae na Gaillimhe.

Ag an searmanas oifigiúil, nochtadh macasamhail mhór mhillteach den chlár imeartha (cúig troithe chearnacha) ag an Mainistir. Déanadh an chéad chlár imeartha a oscailt, a leagan amach agus a imirt os comhair Mhainistir na Coille Móire – foirgneamh cáiliúil a tógadh sa 19ú céad.

Díreach agus Monopoly na Gaillimhe á sheoladh, bhí an cluiche á chur ar na seilfeanna den chéad uair sna siopaí i gContae na Gaillimhe agus ar shiopaí idirlín ar nós Amazon.

Is é Gaillimh le Gaeilge i gcomhpháirtíocht le Glór na nGael a chur an t-aistriúchán Gaeilge ar fáil don chluiche agus tá an dá eagraíocht le feiceáil ar an gclár imeartha féin chomh maith.

Bhí lucht déanta MONOPOLY ag ceiliúradh mar gur 80 bliain ó shin a cuireadh tús leis an gcluiche cáiliúil seo. Is iad Winning Moves a dhéanann an sárchluiche boird seo faoi cheadúnas oifigiúil ó úinéirí MONOPOLY, Hasbro.




Eoghan Mac Cormaic, Glór na nGael, An Comhairleoir Frank Fahy, Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, Cathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Hannah Ní Dhoimhín agus Bríd Ní Chonghóile, Gaillimh le Gaeilge, ag seoladh MONOPOLY dátheangach do Chathair agus do Chontae na Gaillimhe, i Mainistir na Coille Móire, Co. na Gaillimhe.

# Buaicphointí Ghaillimh le Gaeilge 2015

**Stádas dátheangach a bhaint amach do chathair na Gaillimhe. Normalú na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe a chur chun cinn trí mhodhanna scríofa, cluastuisceana, leictreonacha agus labhartha.**

## An Ghaeilge sa Ghnó ar lean ...

I rith na bliana, lean muid ar aghaidh ag cur le húsáid na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe: d'úsáid 23 gnólacht ár seirbhís 'Gaeilge sa Ghnó', seo méadú 10% ar 2014, agus bhí an t-éileamh ar ár seirbhísí aistriúcháin ina iomláine suas 6.8% ar 2014. De thoradh na seirbhísí seo, d'úsáid 19 ngnó an Ghaeilge ina gcuid gnólachtaí ar bhealaí éagsúla i mbliana.

Tá an tseirbhís 'An Ghaeilge sa Ghnó' ann chun comhlachtaí a threorú tríd an bpróiseas chun Gaeilge a shní isteach ina ngnó, is cuma an beagáinín Gaeilge nó gnó iomlán dhátheangach atá uathu. Déantar athbhreithniú ar an ngnó ó thaobh a íomhá de comharthaíocht, ábhar margaíochta, ábhar fógraíochta srl. agus déantar scrúdú ar na féidearthachtaí i leith úsáid na Gaeilge.
















DESIGN Dearadh
PRINT Cló
DISPLAY Taispeántas
DESIGN PRINT DISPLAY
iSUPPLY




JOYCE'S
paiseanta faoi bhia
Dia Duit Friday




mála




FÁILTE GO GAILLIMH
WELCOME TO GALWAY
love Galway




Merry Christmas
Nollaig Shona Duit
Eyre Square Centre




MISE
www.ailruin.com




'I felt safe and I felt listened to'
Female aged 21 Domestic violence services client, Waterside Hous
'D'airigh mé sábháilte, agus d'éist siad liom'
Bean 21 d'aois Cliant Seirbhísí Foréigin Teaghlaigh Teach Waterside




Welcome
Fáilte
THE CONNACHT
HOTEL GALWAY
CONFERENCE
COMHDHÁIL
BOOK NOW CALL
(091) 381251




Scéal Fháinne an Chladaigh




BLAKE'S
Fáilte Isteach

# Buaicphointí Ghaillimh le Gaeilge 2015

**Stádas dátheangach a bhaint amach do chathair na Gaillimhe. Normalú na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe a chur chun cinn trí mhodhanna scríofa, cluastuisceana, leictreonacha agus labhartha.**

## An Ghaeilge sa Ghnó ar Lean ...

**ÉIRE 2016: CLÁR COMÓRTHA CÉAD BLIAIN**

D'eagraigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe cruinniú oscailte Déardaoin, 4 Meitheamh 2015 i Músaem Cathrach na Gaillimhe, An Póirse Caoch, d'aon duine a mbeadh suim acu páirt a ghlacadh i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm cláir áitiúil do chathair na Gaillimhe mar chuid de 'Éire 2016'. Ar chuireadh ón gComhairle Cathrach, rinne Gaillimh le Gaeilge comhordú ar na heagrais Ghaeilge sa chathair chun a gcuid moltaí a thaifead agus ról na Gaeilge i gComóradh 2016 a thaifead. Rinne Ardfheidhmeannach Ghaillimh le Gaeilge, Brid Ní Chonghóile áisitheoireacht ar an gcruinniú.

**100 TO ONE PROJECT**

D'fhonn cur le feiceálacht na Gaeilge mar chuid de chomóradh 2016 i nGaillimh, chuir Gaillimh le Gaeilge aistriúchán Gaeilge ar fáil don tionscnamh 100 TO ONE chun a chinntiú go mbeadh áit lárnach ag an nGaeilge sa saothar. Tionscnamh ealaíne a bhí anseo, eagraithe ag triúrgrianghrafadóirí Gaillmheacha - Ian McDonald, Enda O'Loughlin agus Bill Barry. Tógadh grianghraf de dhuine amháin a rugadh gach bliain i gCathair agus i gContae na Gaillimhe idir 1916 agus 2016 chun comóradh a dhéanamh ar an gcéad bliain. Bailíodh na grianghraif seo le chéile mar aon le nótaí dátheangacha dírbheathaisnéise i leabhar agus cuireadh ar thaispeántas speisialta iad i Músaem Cathrach na Gaillimhe.

**COMÓRADH ÉAMOINN CHEANNT**

Féile sheanbhunaithe i bhféilire Chathair na Gaillimhe is ea Seisiúin na Gaillimhe, agus chuir siad clár speisialta imeachtaí le chéile i rith 2015. D'oibrigh Gaillimh le Gaeilge leo chun a chinntiú go mbeadh an Ghaeilge feiceálach mar chuid den ócáid speisialta a bheidh á n-eagrú acu; caithfear an tseachtain ag ceiliúradh shaol Éamoinn Cheannt – ceoltóir, píobaire, múinteoir agus réabhlóidí - ar fud Chathair na Gaillimhe ón 15 go dtí an 21 Meitheamh an bhliain seo chugainn.

**RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA SAN ARDEAGLAIS**

D'oibrigh Gaillimh le Gaeilge i gcomhpháirt le RTÉ Raidió na Gaeltachta chun Aifreann i nGaeilge a chur ar siúl in Ardeaglais na Gaillimhe mar chuid de cheiliúradh 50 bliain na hArdeaglaise. Bhí an tAifreann á cheiliúradh ag an Athair Martin Whelan agus é ar siúl ar an 8 Meán Fómhair.



# 4 AN GHAEILGE AR BHIACHLÁIR

## An Earnáil Fáilteachais agus Turasóireachta:

Mar gheall ar an gcáil atá ar Chathair na Gaillimhe mar chathair dhátheangach, is minic a thagann grúpaí nó eagraíochtaí Gaeilge chuig an gcathair mar gheall ar an teanga. De bharr an éilimh seo, chuir Gaillimh le Gaeilge i gcomhar le bialanna na Gaillimhe liosta le chéile de na bialanna a chuireann biachlár dátheangach ar fáil go leanúnach. Bíonn Lón Gnó Ghaillimh le Gaeilge, a eagraítear go míosúil, sna bialanna atá liostaithe.

Tá 16 bialann liosaithe ar shuíomh gréasáin Ghaillimh le Gaeilge, www.gleg.ie, mar bhialanna le biachláir dhátheangacha.




Tigh Neachtain, An tSráid Trasna

**Seo a leanas na bialanna le biachláir dhátheangacha i gcathair na Gaillimhe:**

- Beár & Bialann Lohans
- Cupán Tae
- Kashmir – Bialann Indiach
- Monroe's Tavern
- Óstán an Ardoileáin
- Óstán Menlo Park
- Teach na Céibhe
- The Galleon Restaurant
- Tigh Neachtain




An Cupán Tae, An Póirse Caoch

**Seo a leanas na bialanna le biachláir a bhfuil ceannteidil dhátheangacha orthu i gcathair na Gaillimhe:**

- Brasserie on the Corner
- Connacht Hotel – Bar Solo
- Óstán Park House
- The Cellar Bar
- The Dáil Bar
- The King's Head
- Tigh Taaffes

## Buaicphointí Ghaillimh le Gaeilge 2015

**Stádas dátheangach a bhaint amach do chathair na Gaillimhe. Normalú na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe a chur chun cinn trí mhodhanna scríofa, cluastuisceana, leictreonacha agus labhartha.**

# 5 SUÍOMH GRÉASÁIN & NA MEÁIN SHÓISIALTA

Leanadh le linn na bliana le forbairt an tsuíomh gréasáin www.gleg.ie le cinntiú go mbeadh sé iomlán cruinn agus ceart i gcónaí ó thaobh an eolais is deireanaí i dtaca le gach gné d'obair Ghaillimh le Gaeilge.




**Líon na gCuairteoirí agus na gCuairteanna ar shuíomh Ghaillimh le Gaeilge le linn 2015**

Ar an meán, thug 2,065 duine cuairt ar an suíomh gréasáin www.gleg.ie gach mí, idir Eanáir agus Nollaig 2015, is é sin ardú 17% ó mheánráta 2014.

I mí an Mhárta a bhí buaicphointe na gcuairteanna le 6,056 cuairt, méadú 56% ó bhuaicphointe 2014.




**Méadú ar Líon na gCuairteoirí agus ar Líon na gCuairteanna ar www.gleg.ie 2013-2015**






Déanann Gaillimh le Gaeilge teagmháil rialta lenár lucht leanúna ar Twitter agus ar Facebook. D'éirigh linn líon na leantóirí ar an dá shuíomh shóisialta seo a mhéadú le linn 2015:

| | Líon na Leantóirí 2014 | Líon na Leantóirí 2015 | Méadú |
|---|---|---|---|
| **Twitter** | 1,909 | 2,193 | 14.9% (284 leantóir) |
| **Facebook** | 882 | 957 | 8.5% (75 leantóir) |




Forbairt mheáin shóisialta Ghaillimh le Gaeilge 2013-2015

